



PREASEISIÚINT Uimh. 29/24

Lucsamburg, 20 Feabhra 2024

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-715/20 | X (Easpa forais le foirceannadh)

Maidir le hoibrí atá fostaithe ar théarma socraithe, ní mór é a chur ar an eolas faoi na forais ar cuireadh deireadh lena chonradh fostaíochta le fógra má chuirtear an fhaisnéis sin ar fáil d'oibrí buan

Sáraítear le reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear na forais sin a chur in iúl d'oibrithe buana amháin, ceart bunúsach an oibrí ar théarma socraithe

Cuirtear cosc le dlí an Aontais ar reachtaíocht náisiúnta lena gceadaítear d'fhostóir gan cúiseanna a thabhairt maidir le foirceannadh conartha fostaíochta ar théarma socraithe i gcás ina bhfuil oibleagáid air é sin a dhéanamh nuair a chuireann sé deireadh le conradh fostaíochta ar feadh tréimhse éiginnte. I gcás den sórt sin, baintear faisnéis thábhachtach d'oibrí atá fostaithe ar théarma socraithe d'fhonn a mheas an bhfuil údar maith lena dhífhostú agus, i gcás inarb iomchuí, agus an dtugtar caingean os comhair cúirte. Ós rud é go sáraítear leis an difríocht sin an ceart bunúsach chun leigheas éifeachtach a fháil, ceanglaítear ar an gcúirt náisiúnta a éistean d'íosáid idir daoine aonair, a mhéid is gá, reachtaíocht náisiúnta a chur as feidhm i gcás nach féidir léi í a léiriú ar bhealach atá comhsheasmhach.

Tugtar díospóid os comhair cúirte na Polainne idir fostaí atá fostaithe faoi chonradh fostaíochta ar théarma socraithe agus a iarfhostóir. I gcomhréir leis an dlí náisiúnta, rinne an iarfhostóir sin an conradh a fhoirceannadh le fógra gan na cúiseanna lena chinneadh a chur in iúl. Agus lena líomhnaítear go raibh a dhífhostú neamhdhleathach, measann an t-oibrí go sáraítear easpa ráitis den sórt sin prionsabal an neamh-idirdhealaithe a chumhdaítear i ndlí an Aontais agus i ndlí na Polainne. Maíonn sé, áfach, go bhfuil oibleagáid ann faoi dhlí na Polainne cúiseanna a thabhairt maidir le foirceannadh conarthaí fostaíochta ar feadh tréimhse éiginnte a chur in iúl.

Iarrann cúirt na Polainne ar an gCúirt Bhreithiúnaís an bhfuil an difríocht sna ceanglais maidir le foirceannadh, ag brath ar an gcineál conartha fostaíochta atá i gceist, ag luí leis an gComhaontú Réime maidir le hobair ar théarma socraithe¹. Chomh maith leis sin, ba mhaith léi a fháil amach an féidir daoine aonair brath ar an gComhaontú Réime i ndíospóid dhlíthiúil.

Cuireann an Chúirt in iúl ina breithiúnas **go bhfuil sé mar aidhm ag an gComhaontú Réime feabhas a chur ar chaighdeán na hoibre ar théarma socraithe trí cur i bhfeidhm phrionsabal an neamh-idirdhealaithe a áirithiú.**

Mura bhfaigheann sé faisnéis maidir leis na forais chun an conradh a fhoirceannadh, bainfear faisnéis thábhachtach ón oibrí ar théarma socraithe d'fhonn measúnú a dhéanamh an bhfuil údar maith lena dhífhostú. Dá bhrí sin, níl eolas ar fáil dó a d'fhéadfadh a bheith cinntitheach chun críocha an dtionscnóidh sé caingean. **Dá bhrí sin, bunaítear le reachtaíocht na Polainne atá i gceist difríocht sa chóir chun aimhleas na n-oibrithe atá fostaithe ar théarma socraithe.** Mar sin féin, is faoin gcúirt náisiúnta a bheidh sé a chinneadh an bhfuil an t-oibrí ar théarma socraithe, sa chás seo, i staid atá inchomparáide le staid oibrí a fhostaíonn an fhostóir céanna ar feadh tréimhse éiginnte.

Thairis sin, measann an Chúirt **nach dtugtar cineál sealadach caidrimh fostaíochta údar le cóir nach bhfuil chomh fabhrach d'oibrithe ar théarma socraithe**. Ní dhéanfaidh cur in iúl na bhforas le haghaidh dífhostú difear don tsolúbthacht den chineál sin conartha fostaíochta.

Cé go bhfuil oibleagáid uirthi lánéifeacht dhlí an Aontais a áirithiú, ní cheanglaítear ar an gcúirt náisiúnta, sa chás seo, an fhoráil náisiúnta a chur ar leataobh de bharr go bhfuil sé contrártha leis an gComhaontú Réime. Ceangailte le Treoir, ní féidir brath ar i ndíospóid idir daoine aonair. Mar sin féin, **baintear an difríocht sa chóir atá i ceist an bonn den cheart ar leigheas éifeachtach**, mar a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Dá réir sin, ceanglaítear ar an gcúirt náisiúnta gan an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist a chur i bhfeidhm, a mhéid is gá, chun éifeacht iomlán an dlí sin a áirithiú i gcás nach féidir léi an dlí náisiúnta is infheidhme a léiriú ar bhealach atá comhsheasmhach.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a dhiúscairt i gcomhréir le cinneadh na Cúirte, atá ceangailteach mar an gcéanna ar chúirteanna nó binsí náisiúnta eile ar ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar [‘Europe by Satellite’](#) ☎ (+32) 2 2964106.

Bígí nasctha!



¹ [Treoir 1999/70/CE](#) an 28 Meitheamh 1999 ón gComhairle i dtaca leis an gComhaontú Réime maidir le hobair ar théarma socraithe arna tabhairt i gcrích ag CES, UNICE agus CEEP.